



Eleathanach 391



Dé Luain, an 11 Deireadh Fómhair 2021

**Cad é an crann is fearr leat?
Lá na gCrann sona duit!**




Doirteadh Ola

Tharla an doirteadh ola is mó le blianta beaga anuas sa Mheiriceá le déanaí. Tá foireann ag obair air faoi láthair chun é a ghlanadh.

Thosaigh sé Dé hAoine seo caite. Fuair ainmhithe cosúil le héisc bás. Rinne sé damáiste do thránna a bhí gar don doirteadh.

Chuaigh thart ar 477,000 lítear d'ola isteach san Aigéan Ciúin.

Tá na gardaí cósta ag iarraidh an ola a ghlanadh agus stop a chur leis an ola. Tá an ola ag scaipeadh fós. Tá go leor ola bainte cheana féin ach beidh níos mó oibre ag teastáil chun an áit a chur i gceart.



Facebook



Ní raibh Facebook, WhatsApp nó Instagram ag obair i gceart an tseachtain seo caite.

Is é Mark Zuckerberg an duine atá i gceannas ar na haipeanna seo. Dúirt Zuckerberg nach raibh sé cinnte cén fáth ar tharla sé.

Thosaigh na haipeanna ag obair arís ar oíche Dé Luain. Ní raibh daoine sásta. Úsáideann daoine na haipeanna seo chun labhairt le cairde.

Lá na gCrann

Bhí Lá na gCrann ar siúl an tseachtain seo caite. Ba é **'Is comharsana maithe iad na crainn'** an téama don bhliain seo.

Is breá linn crainn. Cabhraíonn siad go mór leis an mbithéagsúlacht. Tá cónaí ar ainmhithe agus ar éin sna crainn.

Roghnaíonn Lá na gCrann crann éagsúil dúchasach na hÉireann gach bliain. I mbliana roghnaigh siad Crann Silíní Fiáin. Is féidir le gach scoil eolas a fháil faoi na crainn anseo.

<https://www.treeday.ie/treesgood.html>

Má tá tú i do chónaí in aice le Má Nuad, féach ar Rian na gCrann agus ar na háiseanna anseo.

Tairseach is ainm do Rian na gCrann in Ollscoil Mhá Nuad.

<https://www.maynoothuniversity.ie/news-events/tairseach-tree-trail-maynooth-campus-0>



Crann Silíní Fiáin



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coiliste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscolaithe

